Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2022
(OR. fr)

9178/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0032(COD)**

COMPET 343
IND 175
MI 398
RC 31
RECH 246
TELECOM 226
FIN 554
CADREFIN 84
CODEC 714

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas) an 9 agus 10 Meitheamh 2022*<br>Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)<br>*Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón Uachtaránacht maidir leis an ‘Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)’ i bhfianaise na díospóireachta beartais a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 9 Meitheamh 2022.

**Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)**

*Díospóireacht bheartais*

**Nóta ón Uachtaránacht**

**Réamhrá**

Ag eascairt as na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2019[1], inar iarradh, go háirithe, go ráthófaí ceannasacht dhigiteach an Aontais, tá an t-aistriú digiteach ar cheann de phríomhcholúin shainordú an Choimisiúin. Thíolaic an Coimisiún straitéis thionsclaíoch freisin i mí an Mhárta 2020, agus thug sé cothrom le dáta é i mí na Bealtaine 2021. Is é is aidhm do na huirlisí éagsúla atá beartaithe an athléimneacht a neartú, cur ar chumas earnáil tionsclaíochta na hEorpa an claochlú glas agus digiteach a stiúradh, agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. Chun na huaillmhianta sin a bhaint amach, mhol an Coimisiún an 15 Meán Fómhair 2021 dréacht-Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Beartais 2030, dar teideal 'An chonair i dtreo na deacáide digití'[2]. Sa tionscadal sin, leagtar síos an sprioc 20 % de luach an táirgthe dhomhanda leathsheoltóirí a tháirgeadh san Aontas faoi 2030. Ghlac an Chomhairle a sainordú caibidlíochta[3] maidir leis an dréacht sin an 11 Bealtaine, agus d'athdhearbhaigh sí an sprioc sin.

Chuige sin, thíolaic an Coimisiún tionscnamh maidir le leathsheoltóirí an 8 Feabhra 2022 ina bhfuil an méid seo a leanas:

– Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Chips Act for Europe* [Ionstraim um Shliseanna don Eoraip][4] ;

1 EUCO 9/19
2 Doc. 11900/21
3 Doc. 9011/22
4 6169/22

– togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun an t-éiceachóras Eorpach leathsheoltóirí a neartú[5];

– togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna[6];

– agus moladh ón gCoimisiún do na Ballstáit cur chun feidhme bearta áirithe den phacáiste a chur chun cinn.

D’fhoilsigh sí freisin Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún[7] an 11 Bealtaine ina ndearnadh achoimre ar chuspóir an togra agus ar na modhanna, na critéir agus na roghanna beartais a roghnaigh an Coimisiún.

**An luachshlabhra leathsheoltóra a neartú**

Tá soláthar leathsheoltóirí ríthábhachtach do réimse an-leathan tionscal, lena n-áirítear gníomhaíochtaí straitéiseacha áirithe, amhail mótarfheithiclí, trealamh tionsclaíoch, an tsláinte, an intleacht shaorga leabaithe nó tionscail chosanta. Leis an nganntanas domhanda comhpháirteanna leictreonacha atá ann faoi láthair agus an tionchar atá aici ar sholáthairtí earraí éagsúla amhail feithiclí, feistí leighis, cártaí íocaíochta agus táirgí leictreonaice do thomhaltóirí, leagtar béim ar a fhíorthábhachtaí atá na comhpháirteanna sin dár luachshlabhraí. Ina theannta sin, is dúshlán geostraitéiseach méadaitheach don Eoraip é máistreacht a fháil ar an dul chun cinn teicniúil atá déanta sna teicneolaíochtaí leictreonacha, amhail feidhmíocht na bhfeithiclí leictreacha a fheabhsú. Monaraíonn earnáil tionsclaíochta na hEorpa go leor cineálacha táirgí ardteicneolaíochta, ar comhpháirteanna bunriachtanacha díobh iad comhpháirteanna leictreonacha. De réir mar a chuirtear dlús leis an gclaochlú digiteach agus de réir mar a bhraitear é i ngach cuid den tsochaí, meastar go méadófar ar an ngá atá le comhpháirteanna leictreonacha agus gur forleithne a bheidh an gá sin i líon níos mó earnálacha, rud lena n-osclófar deiseanna nua sa mhargadh ach, chomh maith leis sin, íogaireacht níos mó i leith suaitheadh i soláthair na gcomhpháirteanna ó thaobh cáilíochta agus méid leordhóthanach de.

---

[5] 6170/22 + ADD 1
[6] 6171/22
[7] 8799/22

Ag an am céanna, is ionann an tAontas agus 20 % de OTI an domhain agus tá níos lú na 10 % de mhargadh domhanda an táirgthe leathsheoltóirí aige, agus tá sé ag brath go mór ar sholáthraithe atá bunaithe i dtríú tíortha. Le paindéim COVID-19, léiríodh freisin leochaileacht an éiceachórais sa chumas freagartha atá aige don éileamh, san Eoraip agus in áiteanna eile ar domhan a bhfuil ganntanas suntasach comhpháirteanna leictreonacha iontu freisin. I ngeall ar ghanntanais dhomhanda leathsheoltóirí dúnadh monarchana i raon leathan earnálacha, ó earnáil na gcarranna go feistí cúraim sláinte. In earnáil na gcarranna, mar shampla, thit an táirgeadh aon trian i roinnt Ballstát in 2021. Is soiléire ón méid sin spleáchas an luachshlabhra leathsheoltóirí ar líon an-teoranta gníomhaithe i gcomhthéacs casta geopholaitiúil.

**An dréachtRialachán maidir le leathsheoltóirí**

Is é is aidhm don dréachtIonstraim um Shliseanna ('an Ionstraim um Shliseanna') éiceachóras na hEorpa a neartú, lena n-áirítear maidir le táirgeadh, chun slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí san Aontas a mhéadú agus chun margaí nua a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí Eorpacha ar thús cadhnaíochta. Is é is aidhm dó, go háirithe, teorainn a chur leis na rioscaí a bhaineann le ganntanas nó teannas i soláthairtí leathsheoltóirí san Eoraip amach anseo, agus na hiarmhairtí a theorannú i gcás inar gá sin. Is é is aidhm don tionscnamh an slabhra luacha iomlán a chumhdach, ó dhearadh go dtí acmhainneachtaí monaraíochta, rud a chuirfidh le hathléimneacht thionsclaíoch na hEorpa. Ar deireadh, is é is aidhm don dréachtrialachán cur chuige Eorpach a struchtúrú i leith na saincheiste sin, cur chuige ar gá dó cuidiú le neartú an mhargaidh inmheánaigh.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá an togra bunaithe ar thrí cholún:

– colún 1: tionscnamh na leathsheoltóirí don Eoraip a bhunú, chun tacú le fothú acmhainneachta teicneolaíochta agus le nuálaíocht ar mhórscála ar fud an Aontais, chun go bhféadfar teicneolaíochtaí leathsheoltóirí ar thús cadhnaíochta agus teicneolaíochtaí na chéad ghlúine eile a fhorbairt agus a imscaradh, lena neartófar acmhainneachtaí agus inniúlachtaí an Aontais maidir le hard-dearadh, comhtháthú córas agus táirgeadh comhpháirteanna;

– colún 2: creat a chruthú chun slándáil an tsoláthair a áirithiú trí infheistíochtaí agus acmhainneachtaí méadaithe táirgthe a mhealladh i monarú leathsheoltóirí, agus sa phacáistiú, san ardtástáil agus ardchóimeáil, trí shaoráidí ceannródaíocha táirgthe comhtháite agus trí theilgcheártaí oscailte Eorpacha;

– colún 3: sásra a bhunú chun faireachas agus freagairt ghéarchéime a chomhordú idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun an comhar leis na Ballstáit agus eatarthu a neartú, faireachán a dhéanamh ar sholáthar leathsheoltóirí, an t-éileamh a mheas, ganntanas a réamh-mheas, céim ghéarchéime a ghníomhachtú agus bosca uirlisí tiomnaithe a imscaradh.

**Dul chun cinn na hoibre sa Chomhairle**

Chomh maith leis an tionscnamh a chur i láthair ag an gComhairle Iomaíochais an 24 Feabhra 2022, chuir an Uachtaránacht tús le scrúdú a dhéanamh ar an dréachtIonstraim um Shliseanna le linn an tseimeastair seo. Thug sí tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh sa tuarascáil uaithi ar dhul chun cinn[8], a cuireadh faoi bhráid na nAirí. I bhfianaise a thábhachtaí atá an togra, is gá treoir a fháil ó na hAirí maidir leis an dréachtRialachán seo chun gur fusa a bheidh sé leanúint den obair i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.

8 Doc. 9177/22

**Ceisteanna le plé**

Ar an mbonn sin, iarrtar ar na hAirí tuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

– *An measann tú go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ghasta Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí atá ann faoi láthair maidir le soláthar leathsheoltóirí agus chun na deacrachtaí a bheidh ann amach anseo a réamh-mheas?*

– *An measann tú go gcuirtear, leis na bearta a mhol an Coimisiún Eorpach maidir le leathsheoltóirí, giarálacha ábhartha ar fáil chun acmhainneacht an táirgthe a neartú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma san Eoraip agus an ndéantar athléimneacht a soláthairtí a mhéadú leo? Ina theannta sin, an measann tú go gcuirtear réitigh ar fáil leo chun borradh a chur faoin aistriú nuálaíochtaí ó éiceachóras taighde na hEorpa chuig earnáil na tionsclaíochta?*